



CREATIVE IRELAND
CORK CITY
CATHAIR CHORCAÍ
ÉIRE ILDÁNACH

Culture and Creativity Plan 2017
Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



Creative Ireland Cork City Cathair Chorcaí Éire Ildánach

Contents

ÁBHAR

Foreword	4	Réamhrá
The Creative Ireland Programme	7	Clár Éire Ildánach
The Creative Ireland Team in Cork City	9	Meitheal Éire Ildánach i gCathair Chorcaí
Implementation	15	Cur chun Feidhme
Projects for 2017	16	Tionscadail do 2017
Promotional Events for 2017	18	Imeachtaí Poiblíochta 2017



Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council

Foreword

RÉAMHRÁ

Cork City Council welcomes the Government's Creative Ireland Programme, an initiative that aims to put culture and creativity at the heart of government policy. Cork City Council has long believed in a vibrant cultural sector as a key pillar for Cork City. Cork City has a proud legacy from 2005, as a European City of Culture, and Cork City Council recognises and values that legacy. This programme allows the cultural contribution of Cork City Council to be highlighted and shared with the wider community, and to add to these services, encouraging deeper and wider community engagement. Cork City Council has consistently invested in and supported culture, and provides a wide range of cultural services, while working in partnership with the cultural sector in the city, to create a cultural sector that is relevant to the city, and the region. The staff involved in the Cork City Culture Team indicate how embedded our cultural services are across every directorate, and every service. The City Council supports culture in the city in a range of ways, through direct service provision, ideas generation, funding support, infrastructural support, resource and staffing support. Cork City Council recognises that culture, arts and heritage define the Cork identity, and has a corporate goal to promote and celebrate that identity. The City Council recognises that cultural sustainability and vibrancy is an important component of social and economic sustainability, but more importantly, that it also drives innovation. We understand that experiencing culture, in its many facets, can help improve the quality of life of our citizens, as young people, and through their lifetime, contributing to the wellbeing of individuals, communities and the city.

Cuireann Comhairle Cathrach Chorcaí fáilte le Clár Éire Ildánach an Rialtais, tionscnamh a bhfuil sé d'aidhm aige cultúr agus cruthaitheacht a chur ag croílár pholasaí an rialtais. Chreid Comhairle Cathrach Chorcaí le fada an lá in earnáil bheomar chultúrtha mar phríomhthaca do Chathair Chorcaí. Tá oidhreacht bhródúil ag Cathair Chorcaí ó bhí 2005 ann, agus í mar Chathair Chultúir na hEorpa, agus aithníonn Comhairle Cathrach Chorcaí an oidhreacht sin mar oidhreacht luachmhar. Tarraingíonn an clár seo aird ar shaothar cultúrtha Chomhairle Cathrach Chorcaí le go roinntear é leis an bpobal níos leithne, agus go gcuirtear leis na seirbhísí seo, ag spreagadh rannpháirtíocht pobail ag leibhéal níos doimhne agus níos forleithne. Rinne Comhairle Cathrach Chorcaí infheistíocht agus thug tacaíocht de shíor don chultúr, agus soláthraíonn sí réimse leathan seirbhísí cultúrtha, ag obair ag an am céanna i gcomhpháirtíocht leis an earnáil chultúrtha sa chathair chun earnáil chultúrtha a chruthú atá ábhartha don chathair, agus don cheantar. Léiríonn an fhoireann oibre i Meitheal Cultúir Chathair Chorcaí a leabaithe agus atá ár seirbhísí cultúrtha ar fud gach aon stiúthóireachta agus gach aon seirbhíse. Tacaíonn an Chomhairle Cathrach le cultúr ar bhealaí éagsúla, trí sholáthar a dhéanamh ar sheirbhísí dhíreacha, trí smaointe a ghiniúint, trí thacaíocht mhaoinithe, trí thacaíocht bhonneagair, agus trí thacaíocht acmhainní agus foirne. Aithníonn Comhairle Cathrach Chorcaí go sainmhíniúil cultúr, ealaíon agus oidhreacht féiniúlacht Chorcaí, agus tá sprioc chorparáideach roimpe chun an fhéiniúlacht sin a chur chun cinn agus a cheiliúradh. Aithníonn Comhairle na Cathrach gur cuid thábhachtach iad an inbhuanaitheacht agus an bheogacht chultúrtha d'inbhuanaitheacht shóisialta agus

A city of festivals, Cork City Council is proud of the way that Cork presents its public cultural face to its citizens, to the region, to the nation and to the world. As a heritage city, we are delighted that so many of our heritage buildings are available to the public as places to experience culture. As an outward looking city, that has always been engaged with the wider world through our proud maritime history, we are delighted to welcome and embrace people choosing to make this city a home, a place to invest in, a place to visit and enjoy. The wide cultural offering of the city allows all of our citizens and visitors to celebrate their place in Cork.

Cork has produced many thinkers, creatives and innovators, and remains a city of cultural creativity and innovation. The influences of scientists George Boole, Dr Vincent Barry and John Tyndall, writers Frank O'Connor, Seán Ó Ríordáin, and Sean Ó Faoláin, revolutionary thinkers Thomas Davis and Terence McSwiney, artists John Barry and Seamus Murphy, religious philanthropists Nano Nagle and Fr Matthew, musicians Aloys Fleischmann, Seán Ó Riada and Rory Gallagher continue to inspire generations. Contemporary practitioners across all disciplines ensure that Cork remains a place of cultural innovation.

gheilleagrach, agus níos tábhachtaí ná sin, go dtiomáineann siad sin nuálaíocht freisin. Tuigimid gur féidir le heispéireas an chultúir, sna hilghnéithe a bhaineann leis, feabhas a chur ar cháilíocht saoil ár saoránach, mar dhaoine óga agus amach sa saol, ag cur le leas daoine, pobal agus na cathrach.

Mar chathair féilte, tá Comhairle Cathrach Chorcaí bródúil as an gcaoi a léiríonn Corcaigh a haghaidh phoiblí chultúrtha dá saoránaigh, don cheantar, don náisiún agus don domhan mór. Mar chathair oidhreachta, tá luchtáir orainn go bhfuil an oiread sin dár bhfoirgnimh oidhreachta ar fáil don phobal mar áiteanna chun an cultúr a bhlaiseadh. Mar chathair cheannródaíoch, a bhí i gcónaí i ngleic leis an domhan mór trínár n-oidhreacht bhródúil mhuirí, tá luchtáir orainn fáilte mhór chroíúil a chur roimh dhaoine a roghnaíonn an chathair seo chun lonnú inti, mar áit chun infheistíocht a dhéanamh inti, mar áit chun cuairt a thabhairt uirthi agus taitneamh a bhaint aisti. Cabhraíonn réimse leathan gnéithe cultúrtha na cathrach le gach duine dár saoránaigh agus dár gcuairteoirí ceiliúradh a dhéanamh ar Corcaigh mar áit.

Is iomaí smaointeoir, duine cruthaitheach agus nuálaí a fáisceadh as Corcaigh, agus is cathair í atá fós ar maos le cruthaitheacht chultúrtha agus nuálaíocht. Is foinse inspioráide do na glúnta fós iad tionchar eolaithe de leithéid George Boole, an Dr. Vincent Barry agus John Tyndall, scríbhneoirí ar nós Frank O'Connor, Seán Ó Ríordáin, agus Sean Ó Faoláin, smaointeoirí réabhlóideacha Thomas Davis agus Terence McSwiney, ealaíontóirí ar nós John Barry agus Seamus Murphy, daoncharde reiligiúnda Nano Nagle agus an tAthair Matthew, ceoltóirí Aloys Fleischmann, Seán Ó Riada agus Rory Gallagher. Cinntíonn cleachtóirí comhaimseartha ar fud na ndisciplíní ar fad go

Creative Ireland Programme

CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

Cork City Council saw how the Cork 2016 Programme engaged the citizens of the city. The programme integrated all of the cultural services of the City Council. Artists, heritage groups, community groups, the creative industries, centres of education, and schools all came together to see how their individual actions could contribute to a programme that became much more than the sum of their parts, a programme that engaged the citizens of Cork in a process of reflection on the past, and an imagining of the future.

This is the model that Cork City Council looks forward to developing over the next five years, working on the Creative Ireland Programme. The importance of culture to the city is well understood. Working together in partnership is the best way to ensure that these innovative, vibrant, creative practices are taken to all of our citizens to enrich their lives.

Cllr. Des Cahill
Lord Mayor

Ann Doherty
Chief Executive

bhfanann Corcaigh ina háit a mbeidh nuálaíocht chultúrtha inti i gcónaí.

Léiríodh do Chomhairle Cathrach Chorcaí an chaoi a ndeachaigh saoránaigh na cathrach i ngleic le clár Chorcaí 2016. Rinne an clár seo seirbhísí cultúrtha ar fud na Comhairle Cathrach a chuimsiú lena chéile. Tháinig na healaíontóirí, grúpaí oidhreacht, grúpaí pobail, na tionscail chruthaitheacha, ionaid oideachais, agus scoileanna ar fad le chéile le féachaint ar an gcaoi a d'fhéadfadh a ngníomhaíochtaí aonair cabhrú le clár ar mó é ná na codanna a bhaineann leis sa chaoi gur clár é a chuaigh i ngleic le saoránaigh Chorcaí i bpróiseas machnaimh ar an am atá imithe tharainn, agus a shamhlaíonn an t-am atá amach romhainn.

Is í seo an tsamhail a fhorbróidh Comhairle Cathrach Chorcaí sna cúig bliana amach romhainn, agus í ag obair ar chlár Éire Ildánach. Is maith a thuigtear tábhacht an chultúir don chathair. Ag obair le chéile i gcomhpháirtíocht is ea an cur chuige is fearr lena chinntiú go dtugtar na cleachtais nuálacha, bheoga, chruthaitheacha seo chuig gach duine dár saoránaigh chun a saol a shaibhriú.

Cllr. Deasún Ó Cathail
Ardmhéara

Áine Ní Dhocartaigh
Príomhfheidhmeannach

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 — a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

Creative Ireland is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025—Éire Ildánach, which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to, and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Is é Clár Éire Ildánach Clár Oidhreacht a Rialtais d'Éirinn 2016—tionscnamh cúig bliana, ó 2017 go 2022, a chuireann an chruthaitheacht ag croílár an pholasaí phoiblí. Is tionscnamh ardleibhéil, an-uailmhianach, uile-rialtais é do chruthaitheacht phríomhshrutha i saol an náisiúin sa chaoi gur féidir linn, ar bhonn aonair agus mar ghrúpa daoine, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, lán ár n-acmhainneachta chruthaitheachta a bhaint amach.

Is clár bunaithe ar chultúr é Clár Éire Ildánach, atá deartha ar son leas an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is í an phríomhthairiscint atá ann ná go dtiomáineann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha cruthaitheacht phearsanta agus comhchruthaitheacht, agus bíonn tionchar suntasach aige seo ar leas agus ar ghnóthachtáil an duine aonair agus na sochaí araon.

Tá Éire Ildánach ar an bpríomh-mhodh iompair do na tosaíochtaí a aithnítear i gcáipéis pholasaí an Rialtais, Cultúr 2025—Éire Ildánach a luann gur dlúthchuid de Stát na hÉireann iad na healaíona agus an cultúr, aithnítear ann an gá chun méadú a dhéanamh ar rochtain agus ar rannpháirtíocht sna healaíona, ár dtionscail chruthaitheacha a neartú, agus ár n-oidhreacht a chaomhnú le fócas faoi leith ar theanga, ar thírdhreach agus ar an gcomhshaol.

Tá an clár tógtha thart ar na téamaí seo; an fhéiniúlacht, an Chultúr agus an tsaoránacht. Is iad Comhoibriú agus Cumarsáid, Cumhachtú Pobail, agus Idirnáisiúin na príomhphrionsabail oibriúcháin a bhaineann leis.

The Creative Ireland Team in Cork City

MEITHEAL ÉIRE ILDÁNACH I GCATHAIR CHORCAÍ

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland Programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme—Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916. The Creative Ireland Programme builds on work already underway in Local Authorities, just as it builds on existing government initiatives and programmes. Creative Ireland provides a framework to support and strengthen all of this existing work.

This Plan sets out the beginning of Cork City's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing. This document introduces the Cork City Council existing workplans and sets out the projects for 2017. A second document will set out the Cork City Council Cultural Programme for 2018–22, and will be completed by the end of 2017.

Tá ról tábhachtach ag na húdaráis áitiúla i soláthar foriomlán an Chláir Éire Ildánach agus tá sainúdarás tugtha dóibh, trína meitheal cultúrtha, chun Colún 2 den chláir—Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal a sholáthar. Tá dílárú freagrachta an chláir Éire Ildánach go húdaráis áitiúla ag teacht faoi anáil an tionchair ollmhóir a bhí ag na comhthionscadail chomhordaithe de chuid na n-údarás áitiúil ar Chomóradh Céad Bliain 1916. Tógann Clár Éire Ildánach ar obair atá faoi lánseol cheana féin sna húdaráis áitiúla, anois agus é ag tógáil ar thionscnaimh agus ar chláir rialtais atá ann cheana féin. Soláthraíonn Plean Éire Ildánach creat a thacaíonn agus a láidríonn an obair ar fad ata ar siúl faoi láthair.

Leagann an Plean seo amach tús ról Chathair Chorcaí ar an aistear cúig bliana seo, tionscnamh polasáí fíorthábhachtach atá dírithe ar chultúr agus ar leas an duine.' Tugann an cháipéis seo introir do phleananna oibre Chomhairle Cathrach Chorcaí mar atá siad faoi láthair agus leagann amach na tionscadail don bhliain 2017. Sa dara cáipéis leagfar amach clár cultúir Chomhairle Cathrach Chorcaí, 2018–22, agus tabharfar seo chun críche faoi dheireadh 2017.

Cork City has a long and proud tradition of recognising Culture as one of the pillars of the city. Thus, the Culture Team for Cork City embraces colleagues working across a number of areas including arts, libraries, heritage, museum, archives, archaeology, community and social inclusion, recreation, conservation, architecture, tourism, Irish language, IT and technology, education, and local enterprise. The Culture Team, under the Director of Corporate and External Affairs, are working to ensure the existing work of Cork City Council in creating and supporting creative communities through culture is recognised and enhanced by the Creative Ireland Programme. The Culture Team will report through the Director to the Tourism, Arts and Culture Functional Committee, and thereby into full Council. The team will be coordinated by Jean Brennan, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. The full members of the Cork City Culture Team are:

Tá traidisiún fada agus bródúil ag Cathair Chorcaí i sainaitheant an Chultúir mar cheann de cholúin na cathrach. Mar sin, cuireann Meitheal Chultúir Chathair Chorcaí fáilte chroíúil roimh chomhghleacaithe a oibríonn i réimsí éagsúla, lena n-áirítear na healaíona, leabharlanna, oidhreacht, iarsmalann, cartlanna, seandálaíocht, ionchuimsiú pobail agus sóisialta, áineas, caomhantas, ailtireacht, turasóireacht, an Ghaeilge, teicneolaíocht faisnéise agus teicneolaíocht, oideachas, agus fiontraíocht áitiúil. Tá an Meitheal Chultúir, faoin Stiúirthóir Gnóthaí Corparáideacha agus Seachtracha, ag féachaint chuige go n-aithníonn agus go gcuireann clár Éire Ildánach leis an obair atá ar siúl cheana féin ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus í ag cruthú agus ag tacú le pobail chruthaitheacha trí mheán an chultúir. Tuairisceoidh an Meitheal Chultúir trí mheán an Stiúirthóra do Choiste Feidhmiúil na Turasóireachta, na nEalaíon, agus an Chultúir, agus dá réir sin don Chomhairle ina hiomláine. Is í Jean Brennan a dhéanfaidh comhordú ar an meitheal, is duine de 31 comhordaitheoir Náisiúnta í a oibríonn mar meitheal náisiúnta chun Clár Éire Ildánach a sheachadadh. Is iad seo a leanas na baill uile atá ar Meitheal Chultúir Chathair Chorcaí:

Paul Moynihan

Director of Services

Paul Moynihan is the Director of Corporate and External Affairs. He has thirty years' experience in local government. He is responsible for the Culture Team, and its work.

paul_moynihan@corkcity.ie

Stiúirthóir Seirbhísí

Is é Paul Moynihan Stiúirthóir Gnóthaí Corparáideacha agus Seachtracha. Tá taithí 30 bliain aige sa rialtas áitiúil. Is é atá freagrach as an Meitheal Chultúir, agus as a gcuid oibre.

Brian McGee

Chief Archivist

Brian McGee is the Chief Archivist at the Cork City & County Archives Service since 2002. Brian formerly worked at the National Archives in Dublin.

brian_mcgee@corkcity.ie

Príomhchartlannaí

Is é Brian McGee an Príomhchartlannaí ag Seirbhís Cartlainne Chathair agus Chontae Chorcaí ó bhí 2002 ann. Roimhe sin bhíodh Brian ag obair sa Chartlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.

Joanne Hughes

City Archaeologist

Joanne Hughes is the Archaeologist for Cork City.

joanne_hughes@corkcity.ie

Seandálaí Cathrach

Is í Joanne Hughes Seandálaí Chathair Chorcaí.

Tony Duggan

City Architect

Tony Duggan is the City Architect with Cork City Council since 2009. He previously worked as Senior Architect with Dublin City Council.

tony_duggan@corkcity.ie

Príomhchartlannaí

Is é Tony Duggan Ailtire na Cathrach le Comhairle Cathrach Chorcaí ó bhí 2009 ann. Roimhe sin d'oibrigh sé mar Ailtire Sinsearach le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Jean Brennan

Arts Officer

Jean Brennan is the national coordinator for the Creative Ireland Programme for Cork City, a role she also held for Cork's 2016 programme. She joined Cork City Council in 2015, and has over twenty years' experience in working in the cultural sector in the UK and Ireland.

jean_brennan@corkcity.ie

Oifigeach Ealaíon

Is í Jean Brennan an comhordaitheoir do Chlár Éire Ildíreach le haghaidh Chathair Chorcaí, agus bhí an ról seo aici freisin i gclár Chorcaí 2016. Tháinig sí go Comhairle Cathrach Chorcaí sa bhliain 2015, agus tá os cionn fiche bliain de thaithí aici ag obair san earnáil chultúrtha sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn

Maeve Dineen

Community Arts Coordinator

Maeve Dineen is a key member of the Arts Office with responsibility for community, education, public access and public arts projects.

maeve_dineen@corkcity.ie

Comhordaitheoir Ealaíon Pobail

Is príomhbhall í Maeve Dineen den Oifig Ealaíon agus is í atá freagrach as tionscadail phobail, oideachais, inrochtana pobail agus ealaíon poiblí.

Denis Barrett

City of Learning Coordinator

Denis Barrett is the Coordinator of Cork Learning City, a UNESCO Learning City initiative based in Cork City Council which has UCC, Cork ETB and CIT, as founding partners.

denis_barrett@corkcity.ie

Comhordaitheoir Chathair an Léinn

Is é Denis Barrett Comhordaitheoir Chathair Chorcaí an Léinn, tionscnamh cathrach léinn de chuid na hEagraíochta Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe atá lonnaithe i gComhairle Cathrach Chorcaí agus a bhfuil Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, mar chomhpháirtithe a bhunaithe.

Nuala Stewart

Community Rapid

Nuala Stewart is representing the RAPID programmes across Cork City. Nuala's background is in area-based regeneration, community and economic development.

nuala_stewart@corkcity.ie

Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (ACPIF)

Is í Nuala Stewart an t-ionadaí ar chlár ACPIF ar fud Chathair Chorcaí. Tá taithí ag Nuala in athnuachan de réir ceantair, forbairt pobail agus eacnamaíoch.

Pat Ruane

Architectural Conservation Officer

Pat Ruane graduated from the School of Architecture, UCD, in 1984 and has worked as Conservation Officer with Cork City Council since 2000.

pat_ruane@corkcity.ie

Oifigeach Caomhantais Ailtireachta

Céimí de chuid na Scoile Ailtireachta, UCD, is ea Pat Ruane (1984) agus tá sé ag obair mar Oifigeach Caomhantais i gComhairle Cathrach Chorcaí ó 2000 i leith.

Tony Power

Community Social Inclusion

Tony Power has been the Social Inclusion Officer with Cork City Council since 2008. In this role, he oversees the work of the Social Inclusion Unit and develops research projects and supports many community groups in the City, fostering a culture of inclusiveness, equality & integration.

tony_power@corkcity.ie

Ionchuimsiú Sóisialta Pobail

Tá Tony Power ina Oifigeach um Ionchuimsiú Sóisialta i gComhairle Cathrach Chorcaí ó 2008. Sa ról seo déanann sé maoirseacht ar obair an Aonaid um Ionchuimsiú Sóisialta, tionscadail thaighde a fhorbairt, tacú le cuid mhór de na grúpaí pobail atá sa Chathair, agus cothaíonn sé cultúr ionchuimsitheachta, comhionannais agus imeasctha sa chathair.

Niamh Twomey

Heritage and Biodiversity Officer

Niamh Twomey was appointed as Heritage Officer in 2005 and her role is to help promote and enhance the Heritage of Cork City as a valuable resource for all, and to increase awareness, knowledge, appreciation and enjoyment of the City's heritage.

niamh_twomey@corkcity.ie

Oifigeach Oidhreachta agus Bithéagsúlachta

Ceapadh Niamh Twomey mar Oifigeach Oidhreachta in 2005 agus is é an ról atá aici ná Oidhrecht Chathair Chorcaí a chur chun cinn agus a fheabhsú mar acmhainn luachmhar do gach duine, agus chun cur le feachtas, eolas, meas agus taitneamhacht oidhreachta na cathrach.

Chris Dorgan

Irish Language

Chris Dorgan joined Cork City Council as Communications & Irish Officer in 2005. Since 2008, he has been Irish Development Officer, supporting local individual and organisations in fostering a culture of bilingualism in the City.

chris_dorgan@corkcity.ie

An Ghaeilge

Sa bhliain 2005 a tháinig Chris Dorgan chuig Comhairle Cathrach Chorcaí mar Oifigeach Cumarsáide agus Gaeilge. Ón mbliain 2008 i leith tá Chris ina Oifigeach Forbartha Gaeilge, ag tacú le daoine áitiúla aonair agus le heagraíochtaí chun cultúr an dátheangachais a chothú sa Chathair.

Liam Ronayne

Cork City Librarian

Liam Ronayne is Cork City Librarian since 2004. His post involves managing the 7 libraries throughout the city and the development of new services to meet change.

liam_ronayne@corkcity.ie

Leabharlannaí Chathair Chorcaí

Tá Liam Ronayne mar Leabharlannaí Chathair Chorcaí ó bhí 2004 ann. I gceist lena phost tá bainistiú ar na 7 leabharlann ar fud na cathrach chomh maith le forbairt ar sheirbhísí nua chun freastal ar athruithe.

Patricia Looney

Senior Executive Librarian

Patricia is Senior Executive Librarian at the City Library at Grand Parade Cork. She is responsible for events, festivals and activities at the City Library.

patricia_looney@corkcity.ie

Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach

Is í Patricia Looney an Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach i um Litríocht agus Iasachtú i Leabharlann Chathair Chorcaí agus an fhreagracht uirthi as tionscnaimh litríochta faoi bhratach an Léitheora Shíoraí, a dhéanann nasc idir scríbhneoirí agus a gcuid léitheoirí, agus déanann sí an clár amach d'Fhéile Bhliantúil Chorcaí, Leabhair an Domhain.

Adrienne Rodgers

Local Enterprise

Adrienne Rodgers is the Head of Enterprise in the Local Enterprise Office and has worked in this office for over 20 years and gained a great deal of experience in the development and delivery of supports to the micro enterprise sector.

adrienne_roddgers@leo.corkcity.ie

Fiontar Áitiúil

Is í Adrienne Rodgers Ceannasaí na Fiontraíochta san Oifig Fiontair Áitiúil agus tá sí tar éis a bheith ag obair san oifig seo ar feadh breis is 20 bliain agus tá an-chuid taithí aici i bhforbairt agus i soláthar tacaí d'earnáil an mhicreaghnothais.

Daniel Breen

Cork Public Museum

Daniel Breen, Acting Curator, Cork Public Museum, is responsible for the care, storage and display of Cork's historical and archaeological heritage in the museum's collections.

daniel_breen@corkcity.ie

Iarsmalann Phoiblí Chorcaí

Tá Daniel Breen, Coimeádaí Gníomhach, Iarsmalann Phoiblí Chorcaí, freagrach as cúram, stóras agus taispeántas oidhreachta stairiúil agus seandálaíochta Chorcaí i mbailiúcháin na hiarsmalainne.

Liam Casey

Recreation and Parks

Liam Casey, Senior Executive Parks Superintendent, is responsible for the management and development of Parks, open space & public realm areas, nature areas, recreational facilities (passive and active) and outdoor events.

liam_casey@corkcity.ie

Áineas agus Páirceanna

Is é Liam Casey, Stiúrthóir Sinsearach Feidhmiúcháin na bPáirceanna, agus tá sé freagrach as bainistiú agus forbairt na bPáirceanna, spásanna oscailte agus spásanna poiblí, dúichí dúlra, áiseanna áineasa (éighníomach agus gníomhach) agus imeachtaí faoin aer.

Fiona Browne

TEAM Staff Officer

Fiona Browne, Staff Officer, has been involved in events for over 6 years with the Council and has the responsibility of overseeing all administrative functions in relation to the Creative Cork Team.

fiona_browne@corkcity.ie

Oifigeach Foirme TEAM

Tá baint ag Fiona Browne, Oifigeach Foirme, le himeachtaí de chuid na Comhairle le breis is 6 bliana anois agus tá sí freagrach as maoiniú a dhéanamh ar na feidhmeanna riaracháin a bhaineann leis an Meitheal um Chorcaí Chruthaitheach.

Josephine Gazely

Tourism

Josephine Gazely was appointed head of the Tourism Section in September 2016, which is charged with the delivery of the Tourism Statement and Strategy Work Programme 2017-2022.

josephine_gazely@corkcity.ie

Ruth Buckley

Information Systems and Technology

Ruth Buckley is the head of Cork City Council's ICT & Business Services Department. She is responsible for information systems, business improvement and efficiency. She has driven the "I Wish Cork", a Science, Technology and Maths programme aimed at girls and young women, in Cork.

ruth_buckley@corkcity.ie

Mary Walsh

Environmental Awareness Officer

Mary is responsible for the management of the Old Cork Waterworks Experience and the Lifetime Lab Education Programme. This Programme delivers education workshops to primary school children on topics such as science, maths, energy, marine ecology, etc.

mary_walsh@corkcity.ie

Turasóireacht

Ceapadh Josephine Gazely ina ceannasaí ar Rannóg na Turasóireachta i mí Mheán Fómhair 2016, agus is í atá i mbun an Ráitis um Thurasóireacht agus an Chláir um Straitéis agus Obair 2017–2022.

Córais Faisnéise agus Teicneolaíocht

Is í Ruth Buckley ceannasaí Roinn na Teicneolaíochta Faisnéise agus na Seirbhísí Gnó i gComhairle Cathrach Chorcaí. Tá sí freagrach as córais faisnéise, feabhsú agus éifeachtúlacht ghnó. Is í a thiomáin an clár "I Wish Cork", clár Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Matamaitice a bhí dírithe ar chailíní agus ar mhná óga i gCorcaigh.

Oifigeach Feasachta Chomhshaoil

Is Oifigeach Feasachta Chomhshaoil Chomhairle Cathrach Chorcaí í Mary Walsh agus tá sí freagrach as bainistiú Old Cork Waterworks Experience agus Clár Oideachais an Lifetime Lab. Soláthraítear leis an chlár feasta ceardlanna oideachais do pháistí bunscoile ar ábhair cosúil le eolaíocht, matamaitic, fuinneamh, éiceolaíocht mhuirí, srl.

Implementation

CUR I BHFEIDHM

Cork City Council is eager to ensure that citizens and interested groups are kept informed about the Creative Ireland Programme and able to access information. We will use our existing communication tools to do so, and ask that people sign up to the relevant newsletters and social media accounts.

- The Arts Newsletter will be the primary newsletter used to keep people updated on activities around Creative Ireland. People can sign up here : www.corkcity.ie/services/corporateandexternalaffairs/arts/
- Culture Team members will also use their individual mailing lists to keep people informed.
- Cork City Council will use their website and twitter account for updates, and issue regular press releases to local media.
- Public Participation Network will be invited to attend any public meetings or take part in any public consultations.
- The Strategic Policy Committee for Tourism, Arts and Culture will receive updates on the programme and its development.
- Creative Ireland will be on the agenda of the Tourism, Arts and Culture Functional Committee for the life of the programme.
- Progress will be included in the Chief Executive's Reports for Council Meetings.

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí cíocrach lena chinntiú go goinnítear saoránaigh agus grúpaí a bhfuil spéis acu ann, ar an eolas mar gheall ar an gClár Éire Ildánach agus go mbeidh teacht acu ar eolas. Bainfidh leas as na huirlisí cumarsáide atá againn faoi láthair chuige sin, agus iarraidh ar dhaoine clárú leis na nuachtlitreacha agus leis na cuntais sna meáin shóisialta ábhartha.

- Is í Nuachtlitir na nEalaíon an phríomh-nuachtlitir a mbainfear leas aisti chun daoine a choinneáil ar an eolas maidir le himeachtaí a bhaineann le hÉire Ildánach. Is féidir le daoine clárú anseo www.corkcity.ie/services/corporateandexternalaffairs/arts/
- Bainfidh baill den Mheitheal Chultúir leas as a gcuid liostaí seachadta féin chun daoine a choinneáil ar an eolas.
- Bainfidh Comhairle Cathrach Chorcaí leas as a suíomh gréasáin agus as a gcuntas Twitter le haghaidh nuashonrúchán, agus eiseofar preaseisiúintí rialta chuig na meáin áitiúla.
- Tabharfar cuireadh do Líonra Rannpháirtíochta an Phobail chun freastal ar aon chruinniú poiblí nó chun páirt a ghlacadh in aon chomhairliúchán poiblí.
- Gheobhaidh an Coiste um Polasaí Straitéise don Turasóireacht, do na hEalaíona agus don Chultúr tuairiscí chun dáta maidir leis an gclár agus forbairt an chláir.
- Beidh Éire Ildánach ar chlár oibre Choiste Fheidhmiúil na Turasóireachta, na nEalaíon agus an Chultúir fad is a bheidh an clár ar siúl.
- Luafar dul chun cinn an chláir i dTuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh ag cruinnithe de chuid na Comhairle.

Projects for 2017

TIONSCADAIL DO 2017

CULTURAL PROJECTS AND INITIATIVES TO BE DELIVERED IN CORK CITY DURING 2017 USING CREATIVE IRELAND FUNDS

